Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11509/23**

**ECOFIN 742**
**UEM 227**
**SOC 524**
**EMPL 371**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11404/23 |
| Ábhar: | Grinn-athbhreithnithe 2023 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha<br>– Conclúidí ón gComhairle an 14 Iúil 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2023 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, arna bhformheas ag an gComhairle ag an 3964ú cruinniú a bhí aici an 14 Iúil 2023.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE GRINN-ATHBHREITHNITHE 2023 FAOIN NÓS IMEACHTA UM MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ MAICREACNAMAÍOCHA**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. MEABHRAÍTEAR DI go leanann geilleagar an Aontais d'athléimneacht a léiriú in ainneoin timpeallacht dhúshlánach a bheith ann de dheasca ionradh gan chúis na Rúise ar an Úcráin, lena ndéanann praghsanna arda fuinnimh agus boilsciú difear do chumhacht ceannaigh teaghlach agus don iomaíochas trí mhéadú ar an gcaomhnaitheacht agus ar an iomaíocht gheopholaitiúil. ADMHAÍONN SÍ an téarnamh láidir iarphaindéimeach, a thairbhíonn de na gníomhaíochtaí tapa beartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus an ról lárnach atá ag beartais an Aontais chun tacú le feidhmíocht dhaingean infheistíochta agus le dul chun cinn maidir le hathchóirithe struchtúracha i raon leathan réimsí beartais.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme go hiomlán, go tráthúil agus go héifeachtach trí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá sceidealaithe sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, lena gcumasaítear imscaradh an chistiúcháin atá ar fáil. Thacódh sé sin leis an leathnú eacnamaíoch, chuirfeadh sé le hathléimneacht, cuimsitheacht agus inbhuanaitheacht gheilleagair an Aontais, agus laghdófaí leochaileachtaí maicreacnamaíocha.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint den dlúth-chomhordú ar an mbeartas eacnamaíoch san Aontas, agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh grinn-athbhreithnithe 2023 i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

4. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil forbairtí eacnamaíocha fabhrach go ginearálta i bhformhór na mBallstát faoi athbhreithniú domhain, ach go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann do roinnt Ballstát. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí an bonn a bhaint den iomaíochas costais sna Ballstáit ina bhfuil boilsciú ard dá leanfadh dinimicí boilscithe éagsúla de bheith ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí seanbhunaithe a bhaineann le fiacha arda poiblí, príobháideacha agus seachtracha tar éis a dtreochtaí anuas a atosú, i gcomhthéacs ardfhás ainmniúil. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go méadaítear rioscaí le géarú na gcoinníollacha maoiniúcháin agus go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun treocht anuas inbhuanaithe na leibhéal fiachais a áirithiú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur lagaíodh go ginearálta suíomhanna seachtracha mar gheall ar shuaitheadh i bpraghsanna allmhairiúcháin fuinnimh agus, i gcásanna áirithe, gur chuir an t-éileamh bríomhar intíre a bhí ann a thuilleadh leis sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuiltear ag súil go neartóidh iarmhéideanna na gcuntas reatha in 2023, mar gheall ar laghduithe ar chostais fuinnimh.

5. AITHNÍONN SÍ gur tháinig méadú mór ar phraghsanna tithe i roinnt Ballstát in 2022; le coinníollacha maoiniúcháin níos déine mar aon le titim i bhfíorioncaim teaghlaigh, maolaíodh an t-éileamh ar thithe agus cuireadh tús le ceartú ar phraghsanna tithe. AONTAÍONN SÍ gur éirigh le hearnáil na baincéireachta teacht slán as an bpaindéim agus gur choinnigh iasachtaí neamhthuillmheacha ag titim, ach TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le faireachas leanúnach chun cobhsaíocht mhacra-airgeadais leanúnach a áirithiú.

6. IARRANN SÍ go mbeadh forairdeall agus gníomhaíocht thráthúil beartais ann, de réir mar is gá, chun meathlú ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bhaineann le difreálaigh ardbhoilscithe, agus teacht chun cinn na míchothromaíochtaí sin, a chosc. CUIREANN SÍ I dTREIS a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha a bhaineann leis an daonra atá ag dul in aois agus leis an athrú aeráide, slándáil fuinnimh an Aontais a threisiú, athléimneacht na slabhraí soláthair a neartú, aghaidh a thabhairt ar fhás íseal táirgiúlachta, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chur chun cinn, míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana a laghdú agus teacht chun cinn míchothromaíochtaí nua a chosc.

7. AONTAÍONN SÍ le hanailís an Choimisiúin i ngrinn-athbhreithnithe 2023 nach iomarcach iad na míchothromaíochtaí sa Chipir a thuilleadh. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil laghdú tagtha ar fhiacha poiblí, príobháideacha agus seachtracha le himeacht ama, gurb amhlaidh sin le dhá bhliain anuas sa Chipir, agus gur ag laghdú i gcónaí atá na fiacha. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí ag an Ungáir anois a bhaineann le brú an-láidir ar phraghsanna, agus le riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh agus rialtais, ar gá gníomhaíocht beartais phráinneach ina leith. Dá ndéanfaí an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais a eisíoc go tráthúil, tar éis na garspriocanna agus na spriocanna comhaontaithe a bhaineann le hinfheistíochtaí agus athchóirithe a chur i gcrích, chuideofaí leis an mbaol go dtiocfadh meathlú ar mhíchothromaíochtaí a laghdú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár athraigh an Coimisiún formhór na n-aicmithe. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha sa Ghréig agus san Iodáil i gcónaí, cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil a leochaileachtaí ag maolú, lena n-áirítear mar gheall ar dhul chun cinn beartais. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí fós ag an nGearmáin, ag an Spáinn, ag an bhFrainc, ag an Ísiltír, ag an bPortaingéil, ag an Rómáin agus ag an tSualainn, cé go bhfuil na míchothromaíochtaí sin ag maolú i gcás roinnt Ballstát. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfaí an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc agus an Phortaingéil a dhíghéarú an bhliain seo chugainn má leantar de na treochtaí dearfacha atá ann faoi láthair. AONTAÍONN SÍ go bhfuil rioscaí ag dul i dtreo an donais sa Rómáin, rud a éilíonn gníomhaíocht beartais phráinneach. ADMHAÍONN SÍ gur baineadh de thátal as grinn-athbhreithnithe 2023 nach bhfuil míchothromaíochtaí ag an tSeicia, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg agus an tSlóvaic toisc go ndealraíonn sé go bhfuil leochaileachtaí faoi smacht.

8. MEASANN SÍ gurb ionann na grinn-athbhreithnithe a rinneadh in 2023 agus anailís chuimsitheach ardchaighdeáin ar an staid i ngach Ballstát faoi athbhreithniú. IS DÍOL SÁSAIMH DI na nótaí téamacha iltaobhacha luatha maidir le difreálacha boilscithe, praghsanna tithe agus inbhuanaitheacht sheachtrach roimh an measúnú tírshonrach. TUGANN SÍ DA hAIRE gur bhain an Coimisiún úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, agus anailís shubstainteach cháilíochtúil de chomhlánú orthu, i bhfianaise na ndúshlán sonrach a ghabhann le gach geilleagar. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hanailís réamhbhreathnaitheach agus measúnú ar bheartais ábhartha. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil measúnú ar éifeachtaí iarmharta trastíre an-ábhartha i gcónaí.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS gur nós imeachta lárnach sa Seimeastar Eorpach é an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch atá ar siúl faoi láthair. IARRANN SÍ go gcuirfí an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha chun feidhme ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear dlúthfhaireachán ar mhíchothromaíochtaí atá ann cheana féin agus a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ag baint úsáid as cur chuige réamhbhreathnaitheach, agus ar dhul chun cinn agus riachtanais bheartais. ADMHAÍONN SÍ gur cheart an anailís sa nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a fhorbairt chun feabhas a chur ar ghné an limistéir euro den nós imeachta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí is atá sé athbhreithnithe rialta cuimsitheacha tráthúla iltaobhacha a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus an gá atá le hanailísí íogaireachta a ionchorprú a thuilleadh chun an timpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa, agus atá dothuartha dúshlánach, a mheas.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS a phráinní atá sé tús a chur arís le féilire traidisiúnta an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe foilsiú athbhreithnithe doimhne sa chéad ráithe den bhliain. Tá sé sin fíor-riachtanach chun idirphlé substaintiúil beartais agus plé iltaobhach maidir leis na dúshláin bheartais a shainaithnítear a áirithiú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach infheictheacht an nós imeachta a fheabhsú agus an toradh a chur in iúl go soiléir.

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a ghníomhachtú, i gcás inarb iomchuí, agus gur cheart úinéireacht, intuarthacht, trédhearcacht, cóir chomhionann agus forfheidhmiú a fheabhsú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus cúrsaí mar atá faoi láthair, nár mheas an Coimisiún gurb iomchuí an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a sheoladh. ÁITÍONN SÍ gur cheart don Choimisiún, i gcás ina measfaidh sé go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i mBallstát agus nach molann sé don Chomhairle an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, gur cheart don Choimisiún na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí. I gcomhthéacs úinéireacht náisiúnta agus leibhéil chuí an fhaireachais iltaobhaigh a áirithiú, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá leis an méid ama is gá a leithdháileadh chun doiciméid ábhartha a ullmhú go luath agus chun an t-idirphlé beartais is gá a dhéanamh faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh. IARRANN SÍ go leanfaí de ghníomhaíocht beartais chun míchothromaíochtaí a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá nasc láidir soiléir idir na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a shainaithnítear agus na moltaí tírshonracha.